*Uimhir* 43 *de* 1997

# Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 43 *de* 1997

# ACHT NA gCÚIRTEANNA (UIMH. 2), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Léiriú.

2. An líon gnáthbhreithiúna den Ard-Chúirt.

3. Leasú ar alt 14 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975.

4. Breithiúna ceannais a cheapadh.

5. Foráil fhorlíontach maidir leis an líon breithiúna.

6. Iarbhreithiúna ceannais agus folúntais sa chúirt iomchuí.

7. Comhaltas *ex-officio* de na cúirteanna.

8. Luach saothair breithiúna etc. a chothabháil.

9. Tosaíocht bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte.

10. Feidhmeanna is infheidhmithe ag breithiúna ceannais.

11. Tagairtí don ghnáthbhreitheamh is sinsearaí.

12. IarUachtarán de chuid na Cúirte Dúiche a shannadh.

13. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

Na hAchtanna dá dTagraítear

| | |
|---|---|
| Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961 | 1961, Uimh. 38 |
| Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 | 1961, Uimh. 39 |
| Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1997 | |
| Acht na gCúirteanna, 1996 | 1996, Uimh. 26 |
| Acht na gCúirteanna, 1997 | 1997, Uimh. 6 |
| Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995 | 1995, Uimh. 31 |
| An tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 | 1924, Uimh. 10 |
| An tAcht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975 | 1975, Uimh. 3 |

*Uimhir* 43 *de* 1997

# ACHT NA gCÚIRTEANNA (UIMH. 2), 1997

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO MHÉADÚ LÍON NA nGNÁTHBHREITHIÚNA DEN ARD-CHÚIRT, DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE TRÉIMHSÍ CEAPACHÁIN BREITHIÚNA DEN CHÚIRT UACHTARACH, DEN ARD-CHÚIRT, DEN CHÚIRT CHUARDA AGUS DEN CHÚIRT DÚICHE INA mBREITHIÚNA CEANNAIS AR GACH CEANN DE NA CÚIRTEANNA SIN, FAOI SEACH, DO LEASÚ ORD TOSAÍOCHTA NA mBREITHIÚNA DEN CHÚIRT UACHTARACH AGUS DEN ARD-CHÚIRT, DO LEASÚ AN ACHTA FÁN gCOIMISIÚN UM ATHCHÓIRIÚ AN DLÍ, 1975, AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ MAIDIR LE NITHE IARMHARTACHA AGUS NITHE GAOLMHARA EILE. [18 *Nollaig*, 1997]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

**1.—**(1) San alt seo— Léiriú.

ciallaíonn "Acht 1995" Acht na gCúirteanna agus na nOifigeach Cúirte, 1995;

ciallaíonn "breitheamh ceannais"—

(*a*) i gcás na Cúirte Uachtaraí, an breitheamh den Chúirt sin arb é nó í an Príomh-Bhreitheamh é nó í freisin;

(*b*) i gcás na hArd-Chúirte, an breitheamh den Chúirt sin arb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte é nó í freisin;

(*c*) i gcás na Cúirte Cuarda, an breitheamh den Chúirt sin arb é nó í Uachtarán na Cúirte Cuarda é nó í freisin;

(*d*) i gcás na Cúirte Dúiche, an breitheamh den Chúirt sin arb é nó í Uachtarán na Cúirte Dúiche é nó í freisin.

(2) San Acht seo—

(*a*) aon tagairt d'alt, is tagairt í d'alt den Acht seo, mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'achtachán éigin eile atá beartaithe,

(*b*) aon tagairt d'fho-alt nó do mhír, is tagairt í d'fho-alt nó do mhír den fhoráil ina bhfuil an tagairt mura gcuirtear in iúl gur tagairt d'fhoráil éigin eile atá beartaithe,

(*c*) déanfar tagairt d'aon achtachán a fhorléiriú mar thagairt don achtachán sin arna leasú, arna oiriúnú nó arna leathnú le haon achtachán dá éis sin nó faoi aon achtachán dá éis sin.

An líon gnáthbhreithiúna den Ard-Chúirt.

**2.—**Leasaítear leis seo Acht 1995 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9 (a cuireadh isteach le hAcht na gCúirteanna, 1997):

"9.—Ní mó ná 24 an líon gnáthbhreithiúna a bheidh san Ard-Chúirt.".

Leasú ar alt 14 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975.

**3.—**Leasaítear leis seo alt 14 den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975, trí na míreanna seo a leanas a chur isteach in ionad mhír (*a*) agus mhír (*b*) (a cuireadh isteach le hAcht na gCúirteanna, 1997) d'alt 14(1) den Acht fán gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí, 1975:

"(*a*) más rud é, ar é nó í a cheapadh amhlaidh, gur breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí an duine sin, seachas an Príomh-Bhreitheamh nó breitheamh is breitheamh breise den Chúirt sin, *ex-officio*, ansin, fad a leanfaidh an duine sin den oifig bhreithiúnach sin a shealbhú, féadfaidh sé gur mó de dhuine amháin an líon gnáthbhreithiúna den Chúirt Uachtarach dá bhforáiltear thairis sin:

Ar choinníoll, i gcás iarPhríomh-Bhreitheamh lena mbaineann *alt 4(2) d'Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997*, fad a leanfaidh an duine sin den oifig bhreithiúnach a shealbhaigh sé nó sí ar é nó í a cheapadh amhlaidh a shealbhú, nach ndéanfar an duine sin a chur i gcuntas chun críocha *fho-alt (1) d'alt 6* den Acht sin agus go bhféadfar aon fholúntas a bheidh ann de dhroim fheidhm an fho-ailt sin maidir leis an duine sin a líonadh, ach sin gan dochar d'fheidhm an fho-ailt sin maidir leis an duine sin ar é nó í do scor de bheith ceaptha amhlaidh ach do leanúint de bheith ina iarPhríomh-Bhreitheamh nó ina hiarPhríomh-Breitheamh lena mbaineann an *t-alt* sin *4(2)*,

(*b*) más rud é, ar é nó í a cheapadh amhlaidh, gurb é nó í Uachtarán na hArd-Chúirte nó gur breitheamh eile den Ard-Chúirt é nó í an duine sin, seachas breitheamh is breitheamh breise den Chúirt sin, *ex-officio*, ansin, fad a leanfaidh an duine sin den oifig bhreithiúnach a shealbhaigh sé nó sí ar é nó í a cheapadh amhlaidh a shealbhú, féadfaidh sé gur mó de dhuine amháin an líon gnáthbhreithiúna den Ard-Chúirt dá bhforáiltear thairis sin:

Ar choinníoll, i gcás iarUachtarán de chuid na hArd-Chúirte a mbaineann *alt 4(2) d'Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997* leis nó léi, fad a leanfaidh an duine sin den oifig bhreithiúnach a shealbhaigh sé nó sí ar é nó í a cheapadh amhlaidh a shealbhú, nach ndéanfar an duine sin a chur i gcuntas chun críocha *fho-alt (2) d'alt 6* den Acht sin agus go bhféadfar aon fholúntas a

bheidh ann de dhroim fheidhm an fho-ailt sin maidir leis an duine sin a líonadh ach sin gan dochar d'fheidhm an fho-ailt sin maidir leis an duine sin ar é nó í do scor de bheith ceaptha amhlaidh ach do leanúint de bheith ina iarUachtarán nó ina hiarUachtarán de chuid na hArd-Chúirte a mbaineann an *t-alt* sin *4(2)* leis nó léi,".

Breithiúna ceannais a cheapadh.

**4.—**(1) Maidir le duine a cheapfar, tar éis thosach feidhme an Achta seo, mar bhreitheamh ceannais na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Cuarda nó na Cúirte Dúiche, beidh sé nó sí ceaptha amhlaidh—

(*a*) go ceann tréimhse 7 mbliana, nó

(*b*) go dtí go slánóidh sé nó sí an aois chuí scoir breithiúna mar bhreitheamh den Chúirt sin,

cibé acu is túisce a tharlóidh, agus, i gcás lena mbaineann *mír (a)*, ní bheidh sé nó sí inathcheaptha mar bhreitheamh ceannais na Cúirte sin.

(2) Ach amháin i gcás lena mbaineann *mír (b) d'fho-alt (1)*, ní fhorléireofar aon ní san fho-alt sin mar ní a dhéanfaidh difear do dhuine do leanúint de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh den chúirt ar a raibh sé nó sí ina bhreitheamh ceannais nó ina breitheamh ceannais agus, dá réir sin, leanfaidh gach duine den sórt sin, de réir mar a bheidh, de bheith ag fónamh mar bhreitheamh den chúirt sin.

Foráil fhorlíontach maidir leis an líon breithiúna.

**5.—**(1) Ní bheidh feidhm ag an alt seo más rud é, an tráth a scoirfidh breitheamh lena mbaineann *alt 4(2)* de bheith ina bhreitheamh ceannais nó ina breitheamh ceannais, go mbeidh folúntas ann sa chúirt áirithe nach mbaineann *alt 6* leis cheana féin ar folúntas é—

(*a*) i gcás na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte nó na Cúirte Cuarda, i measc ghnáthbhreithiúna na Cúirte sin, agus

(*b*) i gcás na Cúirte Dúiche, i measc bhreithiúna na Cúirte sin seachas Uachtarán na Cúirte Dúiche.

(2) D'ainneoin alt 1 (arna leasú le halt 6 d'Acht 1995) d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961, féadfaidh sé, faoi réir *alt 6*, gur mó de dhuine amháin an líon breithiúna den Chúirt Uachtarach dá bhforáiltear leis an alt sin i ngach cás ina bhfónann iarPhríomh-Bhreitheamh mar bhreitheamh den Chúirt Uachtarach de bhua é nó í a bheith ina iarPhríomh-Bhreitheamh nó ina hiarPhríomh-Bhreitheamh lena mbaineann *alt 4(2)*.

(3) D'ainneoin alt 9 (a chuirtear isteach le *halt 2*) d'Acht 1995, féadfaidh sé, faoi réir *alt 6*, gur mó de dhuine amháin an líon breithiúna den Ard-Chúirt dá bhforáiltear le halt 2(2) d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961, agus leis an alt sin 9, i ngach cás ina bhfónann iarUachtarán de chuid na hArd-Chúirte mar bhreitheamh den Ard-Chúirt de bhua é nó í a bheith ina iarUachtarán nó ina hiarUachtarán de chuid na hArd-Chúirte a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

(4) D'ainneoin alt 10 (arna leasú le halt 1 d'Acht na gCúirteanna, 1996) d'Acht 1995, féadfaidh sé, faoi réir *alt 6*, gur mó de dhuine amháin an líon breithiúna den Chúirt Chuarda dá bhforáiltear le halt 4(2) d'Acht na gCúirteanna (Bunú agus Comhdhéanamh), 1961, agus leis an alt sin 10, i ngach cás ina bhfónann iarUachtarán de chuid na Cúirte Cuarda mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda de bhua é nó í a bheith ina iarUachtarán

nó ina hiarUachtarán de chuid na Cúirte Cuarda a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

(5) D'ainneoin alt 11 d'Acht 1995, féadfaidh sé, faoi réir *alt 6*, gur mó de dhuine amháin an líon breithiúna den Chúirt Dúiche dá bhforáiltear leis an alt sin, i ngach cás ina bhfónann iarUachtarán de chuid na Cúirte Dúiche mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche de bhua é nó í a bheith ina iarUachtarán nó ina hiarUachtarán de chuid na Cúirte Dúiche a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

Iarbhreithiúna ceannais agus folúntais sa chúirt iomchuí.

**6.**—(1) I leith gach iarPhríomh-Bhreithimh atá fós ag fónamh mar bhreitheamh den Chúirt Uachtarach agus a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi, maidir le folúntas a bhféadfaí, murach feidhm an fho-ailt seo maidir leis an mbreitheamh sin, é a líonadh i líon ghnáthbhreithiúna na Cúirte sin—

(*a*) an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina Phríomh-Bhreitheamh nó ina Príomh-Bhreitheamh, nó

(*b*) i gcás nach mbeidh aon fholúntas den sórt sin ann an tráth sin, maidir leis an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh nó, más cuí, maidir leis an an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh tar éis an fo-alt seo a chur chun feidhme i leith aon iarPhríomh-Bhreitheamh eile roimhe sin atá ag fónamh amhlaidh,

ní líonfar é go dtí go scoirfidh an t-iarPhríomh-Bhreitheamh sin de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

(2) I leith gach iarUachtaráin de chuid na hArd-Chúirte atá fós ag fónamh mar bhreitheamh den Ard-Chúirt agus a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi, maidir le folúntas a bhféadfaí, murach feidhm an fho-ailt seo maidir leis an mbreitheamh sin, é a líonadh i líon ghnáthbhreithiúna na Cúirte sin—

(*a*) an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina Uachtarán nó ina hUachtarán ar an Ard-Chúirt, nó

(*b*) i gcás nach mbeidh aon fholúntas den sórt sin ann an tráth sin, maidir leis an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh nó, más cuí, maidir leis an an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh tar éis an fo-alt seo a chur chun feidhme i leith aon iarUachtarán eile roimhe sin de chuid na hArd-Chúirte atá ag fónamh amhlaidh,

ní líonfar é go dtí go scoirfidh an t-iarUachtarán sin de chuid na hArd-Chúirte de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh de chuid na hArd-Chúirte a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

(3) I leith gach iarUachtaráin de chuid na Cúirte Cuarda atá fós ag fónamh mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda agus a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi, maidir le folúntas a bhféadfaí, murach feidhm an fho-ailt seo maidir leis an mbreitheamh sin, é a líonadh i líon ghnáthbhreithiúna na Cúirte sin—

(*a*) an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina Uachtarán nó ina hUachtarán ar an gCúirt Chuarda, nó

(*b*) i gcás nach mbeidh aon fholúntas den sórt sin ann an tráth sin, maidir leis an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh nó, más cuí, maidir leis an an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh tar éis an fo-alt seo a chur chun feidhme i leith aon iarUachtarán eile roimhe sin de chuid na Cúirte Cuarda atá ag fónamh amhlaidh,

ní líonfar é go dtí go scoirfidh an t-iarUachtarán sin de chuid na Cúirte Cuarda de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh de chuid na Cúirte Cuarda a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

(4) I leith gach iarUachtaráin de chuid na Cúirte Dúiche atá fós ag fónamh mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche agus a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi, maidir le folúntas a bhféadfaí, murach feidhm an fho-ailt seo maidir leis an mbreitheamh sin, é a líonadh i líon ghnáthbhreithiúna na Cúirte sin (seachas mar Uachtarán na Cúirte sin)—

(*a*) an tráth a scoirfidh sé nó sí de bheith ina Uachtarán nó ina hUachtarán ar an gCúirt Dúiche, nó

(*b*) i gcás nach mbeidh aon fholúntas den sórt sin ann an tráth sin, maidir leis an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh nó, más cuí, maidir leis an an gcéad fholúntas eile den sórt sin a eascróidh tar éis an fo-alt seo a chur chun feidhme i leith aon iarUachtarán eile roimhe sin de chuid na Cúirte Dúiche atá ag fónamh amhlaidh,

ní líonfar é go dtí go scoirfidh an t-iarUachtarán sin de chuid na Cúirte Dúiche de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

Comhaltas *ex-officio* de na cúirteanna.

**7.—**(1) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a dhéanann difear d'iarPhríomh-Bhreitheamh a fhónann mar bhreitheamh den Chúirt Uachtarach a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi leanúint de bheith ina bhreitheamh breise nó ina breitheamh breise den Ard-Chúirt, *ex-officio*.

(2) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a dhéanann difear d'iarUachtarán de chuid na hArd-Chúirte a fhónann mar bhreitheamh den Ard-Chúirt a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi leanúint de bheith ina bhreitheamh breise nó ina breitheamh breise den Chúirt Uachtarach, *ex-officio*.

(3) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo mar ní a dhéanann difear d'iarUachtarán de chuid na Cúirte Cuarda a fhónann mar bhreitheamh den Chúirt Chuarda a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi leanúint de bheith ina bhreitheamh breise nó ina breitheamh breise den Ard-Chúirt, *ex-officio*.

(4) Beidh iarUachtarán de chuid na Cúirte Dúiche a fhónann mar bhreitheamh den Chúirt Dúiche a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi ina bhreitheamh breise nó ina breitheamh breise den Chúirt Chuarda, *ex-officio*.

Luach saothair breithiúna etc. a chothabháil.

**8.—**D'ainneoin fhorálacha alt 46 d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, maidir le hiarbhreitheamh ceannais ar aon chúirt a fhónfaidh ina dhiaidh sin, go dtí aois scoir breithiúna, mar bhreitheamh den chúirt sin a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi, déanfar an luach saothair céanna a íoc leis nó léi dá bhforáiltear, ó am go ham, maidir le breitheamh ceannais na cúirte sin fad a leanfaidh sé nó sí de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh den chúirt sin a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi agus, ar

scor dó nó di de bheith ina bhreitheamh nó ina breitheamh, beidh sé nó sí i dteideal an phinsin chéanna agus aon teideal eile a bhaineann leis an scor sin ionann is dá mba é nó í breitheamh ceannais na cúirte sin é nó í ar dháta an scoir sin.

Tosaíocht bhreithiúna na Cúirte Uachtaraí agus na hArd-Chúirte.

**9.—**Leasaítear leis seo an tAcht Cúirteanna Breithiúnais, 1924, tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 9:

"9.—Is mar a leanas a bheidh tosaíocht na mbreithiúna:

(*a*) beidh an Príomh-Bhreitheamh ar tosach;

(*b*) tiocfaidh Uachtarán na hArd-Chúirte i ndiaidh an Phríomh-Bhreithimh;

(*c*) ansin tiocfaidh breithiúna na Cúirte Uachtaraí is iarPhríomh-Bhreithiúna, agus gach duine díobh de réir ord a cheaptha nó a ceaptha mar Phríomh-Bhreitheamh;

(*d*) ina ndiaidh sin tiocfaidh breithiúna eile na Cúirte Uachtaraí, seachas breithiúna *ex-officio* na Cúirte sin lena mbaineann mír (*e*), agus gach duine díobh de réir ord a cheaptha nó a ceaptha mar ghnáthbhreitheamh den Chúirt Uachtarach;

(*e*) ansin tiocfaidh breithiúna na hArd-Chúirte ar breithiúna *ex-officio* den Chúirt Uachtarach iad (is iarUachtaráin ar an Ard-Chúirt lena mbaineann *alt 7(2) d'Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997*), agus gach duine díobh de réir ord a cheaptha nó a ceaptha mar Uachtarán na hArd-Chúirte;

(*f*) ina ndiaidh sin tiocfaidh breithiúna eile na hArd-Chúirte, seachas breithiúna *ex-officio* na Cúirte sin lena mbaineann mír (*g*) nó (*h*), agus gach duine díobh de réir ord a cheaptha nó a ceaptha mar ghnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt;

(*g*) ansin tiocfaidh Uachtarán na Cúirte Dúiche de bhua é nó í a bheith ina bhreitheamh breise nó ina breitheamh breise den Ard-Chúirt; agus

(*h*) ina ndiaidh sin tiocfaidh breithiúna eile na Cúirte Cuarda ar breithiúna *ex-officio* den Ard-Chúirt iad (is iarUachtaráin ar an gCúirt Chuarda lena mbaineann *alt 7(3) d'Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997*), agus gach duine díobh de réir ord a cheaptha nó a ceaptha mar Uachtarán na Cúirte Cuarda.".

Feidhmeanna is infheidhmithe ag breithiúna ceannais.

**10.—**Déanfar tagairtí, cibé slí ina mbeidh siad sainráite, in aon achtachán d'fheidhmeanna is infheidhmithe ag breitheamh ceannais a fhorléiriú mar thagairtí d'fheidhmeanna is infheidhmithe amhlaidh ag an duine a bheidh, de thuras na huaire, ina bhreitheamh ceannais nó ina breitheamh ceannais ar an gcúirt lena mbaineann.

Tagairtí don ghnáthbhreitheamh is sinsearaí.

**11.—**Déanfar tagairtí in aon achtachán, cibé slí ina mbeidh siad sainráite, don ghnáthbhreitheamh den Chúirt Uachtarach is sinsearaí nó don ghnáthbhreitheamh den Ard-Chúirt is sinsearaí a fhorléiriú—

(*a*) i gcás na Cúirte Uachtaraí, faoi threoir ord tosaíochta na mbreithiúna den Chúirt sin atá i míreanna (*c*) agus (*d*) d'alt 9 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 (a chuirtear isteach le *halt 9*), agus

(*b*) i gcás na hArd-Chúirte, faoi threoir ord tosaíochta breithiúna den Chúirt sin atá i míreanna (*e*) agus (*f*) d'alt 9 den Acht Cúirteanna Breithiúnais, 1924 (arna chur isteach amhlaidh).

IarUachtarán de chuid na Cúirte Dúiche a shannadh.

**12.**—(1) Faoi réir *fho-alt (2),* i leith iarUachtarán de chuid na Dúiche a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi, leanfaidh sé nó sí de bheith buansannta de bhua alt 35(2) d'Acht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961, do Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath.

(2) Ní chuirfidh aon ní i *bhfo-alt (1)* cosc le feidhm a bheith ag fomhíreanna (3) agus (4) de mhír 2 den Séú Sceideal a ghabhann le hAcht na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 maidir le hiarUachtarán de chuid na Cúirte Dúiche a mbaineann *alt 4(2)* leis nó léi.

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua.

**13.**—(1) Féadfar Acht na gCúirteanna (Uimh. 2), 1997 a ghairm den Acht seo.

(2) Folóidh an comhlua "Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha), 1961 go 1997" an tAcht seo, seachas *ailt 3* agus *9*, agus déanfar Achtanna na gCúirteanna (Forálacha Forlíontacha) sin, 1961 go 1997 a fhorléiriú le chéile mar aon ní amháin.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€2.54

Wt. 108517. 42. 7/23. MM Packaging. (94295). Gr.30-15.

9 781399 304269